Belong To LGBTQ+
Youth Ireland



# Teanga agus Téarmaíocht LADTA+



# Teanga agus Téarmaíocht LADTA+

Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar theanga agus ar théarmaíocht LADTA+ ionas gur féidir tacú le daoine óga LADTA+.

D'fhéadfadh go bhfuil an téarmaíocht LADTA+ nua duit, agus b'fhéidir go mbraitheann sé cineál iomarcach. Is é an rud is tábhachtaí ná go dtuigfeá nach gá go mbeadh sé ar fad ar eolas agat. Teastaíonn ó fhormhór na ndaoine teanga a chuimsíonn LADTA+ a úsáid, ach níl siad cinnte cén áit le tosú. Má fhoghlaimíonn tú cuid de na príomhchoincheapa agus má fhaigheann tú tuiscint ar an mbrí atá leis na litreacha atá in LADTA+, beidh tú in ann a bheith níos muiníní agus tú ag plé topaicí LADTA+ le daoine óga.

Athraíonn téarmaí le himeacht ama agus is fearr le daoine áirithe focail áirithe seachas focail eile. Tá na téarmaí atá anseo ábhartha agus cruinn i láthair na huaire. Athróidh an chiall atá leo agus a sainmhíniú de réir a chéile, agus tabharfar téarmaí nua isteach.

Má thagann téarma chun cinn nach bhfuil cur amach agat air, tá sé ceart go leor a fhiafraí cén chiall atá leis an bhfocal seo nó fiafraí de dhuine aonair cén téarma is fearr leo a úsáid. Cuimhnigh nach bhfuil aon fhreagracht ar an dalta LADTA+ atá i do rang topaicí agus téarmaíocht LADTA+ a mhúineadh do dhaoine eile. Is féidir leat teacht ar níos mó eolais agus acmhainní maidir le teanga a chuimsíonn LADTA+ a úsáid i do scoil nó i do sheirbhís óige ag ár mol oideachais ar líne ➔.

## Gnáth-Theanga

Nuair a úsáideann tú teanga níos cuimsithí gach lá is bealach iontach é chun a thaispeáint go dtacaíonn tú le daoine LADTA+ agus go gcuireann tú san áireamh iad. Go minic, bainimid úsáid as teanga inscne go fánach nó glacaimid leis go bhfuil gach duine sa seomra heitrighnéasach. Tá go leor bealaí ann chun teanga níos cuimsithí a úsáid i do sheomra ranga agus i do sheirbhís don óige, mar shampla:

**~~"Cén chaoi a bhfuil sibh ar maidin, a chailíní / a leaids?"~~**

**"Cén chaoi a bhfuil gach duine ar maidin?"**

**~~"Cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat?"~~**

**"Cé mhéad siblín atá agat?"**

**~~"Oibrígí i mbeirteanna ag obair leis an gcailín / leis an mbuachaill atá in aice leat..."~~**

**"Oibrígí i mbeirteanna ...leis an duine atá in aice leat..."**

## Forainmneacha

Is éard is forainm ann ná focal a úsáidtear nuair a bhíonn muid ag caint faoi dhuine gan ainm an duine a úsáid. Mar shampla, in ionad a rá 'Beidh Sorcha deireanach toisc go raibh ar Shorcha dul ar ais chuig taisceadán Shorcha', b'fhéidir go ndéarfá 'Beidh Sorcha deireanach toisc go raibh uirthi dul ar ais chuig a taisceadán'.

Is minic go mbaineann na forainmneacha a úsáideann duine leis an tuiscint atá acu ar a n-inscne. I measc na bhforainmneacha coitianta tá: siad / iad, sí / í, agus sé / é. Mura bhfuil tú cinnte faoi na forainmneacha a úsáideann duine, is fearr na forainmneacha atá inscne-neodrach: siad / iad / a úsáid go dtí go mbeidh deis agat a fháil amach. Mura bhfuil tú cinnte faoi fhorainmneacha an duine, is fearr ceist a chur seachas talamh slán a dhéanamh de.

Má úsáideann tú d'fhorainmneacha féin agus tú ag síniú ríomhphoist, ar do chuntas Teams/Zoom, ar fhoirmeacha, agus áit ar bith eile a mbíonn deis agat, beidh teachtaireacht shoiléir á thabhairt agat do dhaoine óga agus do do chomhghleacaithe go dtuigeann tú an tábhacht a bhaineann le forainmneacha agus gur comhghuaillí atá ionat.



Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

# Téarmaíocht LADTA+

# LGB

**Leispiach / Aerach / Déghnéasach**
Maidir le Gnéaschlaonadh

| | |
|---|---|
| **Gnéaschlaonadh** | An tsuim atá againn go gnéasach agus go rómánsúil i ndaoine eile. |
| **Leispiach** | Bean a bhfuil spéis aici i mná eile. D'fhéadfadh go n-aithneodh cuid de na daoine neamh-dhénártha iad féin faoin téarma seo freisin. |
| **Aerach** | Duine a bhíonn meallta ag daoine den inscne chéanna. |
| **Déghnéasach** | Duine a bhíonn meallta ag níos mó ná gnéas amháin m.sh. fir agus mná araon. |

**Téarmaí Gaolmhara**

| | |
|---|---|
| **Panghnéasach** | Daoine nach mbíonn an mealladh a bhraitheann siad go gnéasach agus/nó go rómánsúil teoranta don ghnéas atá sannta dóibh, don fhéiniúlacht inscne nó don léiriú inscne. |
| **Éighnéasach** | Daoine nach mbraitheann aon mhealladh gnéasach nó nach mbraitheann ach fíorbheagán mealladh gnéasach. |

# T

**Trasinscneach**
Maidir leis an bhFéiniúlacht Inscne.

Ár dtuiscint phearsanta ar ár n-inscne féin.

| | |
|---|---|
| **Féiniúlacht Inscne** | An chaoi a mbraitheann muid go pearsanta faoinár n-inscne féin. |
| **Trasinscneach** | Téarma a dhéanann cur síos ar fhéiniúlacht inscne nach bhfuil ar aon dul leis an ngnéas a sannadh don duine tráth na breithe. Úsáidtear an focal seo freisin mar scáth-théarma le cur síos ar ghrúpaí áirithe daoine nach dtagann leis an rud a mbeifí ag súil leis de ghnáth ó thaobh féiniúlacht inscne nó léiriú inscne. |

**Téarmaí Gaolmhara**

| | |
|---|---|
| **Gnéas a sannadh tráth na breithe** | An Gnéas a sannadh do dhaoine nuair a rugadh iad, fireann nó baineann bunaithe ar a n-anatamaíocht (baill ghiniúna agus/nó na horgáin shíolraithe) nó ar a mbitheolaíocht (crómasóim agus/nó hormóin). |
| **Neamh-dhénártha** | Daoine nach bean ná fear amháin atá iontu ó thaobh a bhféiniúlacht inscne nó atá idir eatarthu nó a théann níos faide. |
| **Forainmneacha** | Na focail a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do dhuine seachas a n-ainm a úsáid, m.sh. sé/sí/siad. |
| **Cisinscneach** | Daoine a bhfuil a bhféiniúlachtaí inscne ar aon dul leis an ngnéas a sannadh dóibh nuair a rugadh iad. |
| **Léiriú Inscne** | An bealach a dtaispeánann muid ár n-inscne trínár gcuid éadaí, gruaige srl. Ní hionann é sin agus ár bhféiniúlacht inscne. Tagraíonn féiniúlacht inscne don chaoi a mothaímid taobh istigh, ach baineann an léiriú inscne leis an mbealach a gcuirimid sinn féin i láthair taobh amuigh. |

# Q

**Aiteach (Queer)**

| | |
|---|---|
| **Aiteach (Queer)** | Scáth-théarma a úsáidtear le cur síos ar dhaoine nach bhfuil heitrighnéasach agus/nó cisinscneach. Baineadh úsáid ar feadh na mblianta as an bhfocal 'queer' le caitheamh anuas ar an bpobal LADTA+ agus d'fhéadfadh sé tarlú fós. Mar sin féin, tá an focal tógtha ar ais ag pobail LADTA+ agus glacann go leor acu leis an téarma anois. Faigh amach an bhfuil duine compordach leis na téarmaí seo sula mbaineann tú úsáid astu. |

# +

| | |
|---|---|
| **+** | Úsáidtear an 'móide' mar thagairt do na féiniúlachtaí inscne agus na gnéaschlaontaí go léir nach bhfuil clúdaithe go sonrach sna cúig litir eile. |